AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.7.2025
COM(2025) 352 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil Bhliantúil 2024: An naoú tuarascáil bhliantúil déag maidir le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

Tuarascáil Bhliantúil 2024: An naoú tuarascáil bhliantúil déag maidir le cur chun feidhme an chúnaimh ón Aontas faoi Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh

1. RÉAMHRÁ

Is é Rialachán (CE) Uimh. 389/2006[1] ón gComhairle (an 'Rialachán um Chabhair') an bunús le cúnamh a sholáthar do phobal Turcach na Cipire agus ceanglaítear leis tuairisciú bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Is é is aidhm don chlár cabhrach do phobal Turcach na Cipire athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch an phobail sin a spreagadh, agus béim ar leith á leagan ar chomhtháthú eacnamaíoch an oileáin, feabhas a chur ar theagmhálacha agus naisc a chothú idir an dá phobal agus leis an Aontas, agus ullmhúchán a dhéanamh chun *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, tar éis réiteach a fháil ar fhadhb na Cipire.

2. CLÁRÚ AN CHÚNAIMH

Idir 2006 agus deireadh 2024, bhí EUR 726 949 162,93 cláraithe le haghaidh oibríochtaí faoin Rialachán um Chabhair. Ba é EUR 39 471 756,30 an méid a gealladh i mí Mheán Fómhair 2024 do chlár gníomhaíochta bliantúil 2024[2]. Le creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, a bhfuil buiséad iomlán EUR 240 milliún aige, tugadh peirspictíocht ilbhliantúil don chlár agus tá foráil ann maidir le cistiú cobhsaí bliantúil. Tá an clár cabhrach eisceachtúil agus idirthréimhseach, áfach, agus tá sé d'aidhm aige ullmhúchán agus éascú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, ar chur i bhfeidhm iomlán an *acquis* i limistéir Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach iontu tar éis réiteach ar fhadhb na Cipire.

Leis an Rialachán um Chabhair agus Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil[3], rinneadh foráil maidir le hathbhreithniú i gcás athaontaithe.

3. SÁSRAÍ CUR CHUN FEIDHME

Cuirtear an clár chun feidhme sna limistéir de Phoblacht na Cipire nach bhfeidhmíonn rialtas Phoblacht na Cipire rialú éifeachtach orthu (na 'limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais') agus ina bhfuil cur i bhfeidhm an *acquis* ar fionraí go sealadach de bhun

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 389/2006 ón gComhairle an 27 Feabhra 2006 lena mbunaítear ionstraim tacaíochta airgeadais chun forbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2667/2000 ón gComhairle maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Athchóiriú (IO L 65, 7.3.2006, lch. 5).

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 3 Meán Fómhair 2024 maidir le Clár Gníomhaíochta a ghlacadh do phobal Turcach na Cipire le haghaidh 2024 - C(2024) 6106 - Cinneadh maidir le Clár Cabhrach 2024 - an Coimisiún Eorpach.

3 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

Phrótacal Uimh. 10 den ionstraim Aontachais. Cuirtear cúnamh chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach.

Oibríonn an Coimisiún i gcomhthéacs uathúil polaitiúil, dlíthiúil agus taidhleoireachta. Agus cúnamh á dheonú faoin Rialachán um Chabhair, ní thugtar le tuiscint go dtabharfar aitheantas d'aon údarás sna limistéir sin seachas rialtas Phoblacht na Cipire.Tá gá le socruithe *ad hoc* chun an clár a chur chun feidhme agus prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais á n-urramú an tráth céanna. Áirítear leis na bearta a glacadh dianfhaireachán ar chonarthaí agus tacaíocht a sholáthar do thairbhithe, coinníollacha íocaíochta athbhreithnithe, agus cur chuige cúramach maidir le húsáid ráthaíochtaí bainc. Tá méid mhór tacaíochta deontais san áireamh sa chúnamh, agus is gá bainistiú atá dian ó thaobh acmhainní de a dhéanamh ina leith.

D'fhonn an t-athaontú a dhéanamh, tar éis fionraí a chur i bhfeidhm a tharraingt siar i gcomhréir le Prótacal 10, nuair a thiocfaidh réiteach cuimsitheach i bhfeidhm, agus chun cur chun feidhme na dtionscadal arna maoiniú tríd an gclár cabhrach a éascú, ní mór do phobal Turcach na Cipire ailíniú de réir a chéile leis an *acquis*.

Cuireann an Coimisiún na tionscadail a roghnaítear trí Oifig Tacaíochta Clár an Aontais chun feidhme sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais sa Niocóis. Óstálann Ionadaíocht an Choimisiúin sa Chipir cruinnithe, seimineáir agus preasagallaimh agus déanann sí cumarsáid le pobal na Cipire ar fud an oileáin, lena n-áirítear cumarsáid maidir leis an gClár Cabhrach. Ina theannta sin, déanann Pointe Faisnéise an Aontais, arna chistiú faoin gclár cabhrach, raon gníomhaíochtaí cumarsáide agus infheictheachta, gníomhaíochtaí lena gcuirtear faisnéis ar fáil faoi bheartais, tosaíochtaí agus gníomhaíocht an Aontais chun tacú le pobal Turcach na Cipire agus chun cultúr na hEorpa a chur chun cinn.

4. CUR CHUN FEIDHME LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

4.1. Forléargas ginearálta

Tá an Rialachán um Chabhair fós á chur chun feidhme ag an gCoimisiún agus é d'aidhm fhoriomlán aige tacú le hathaontú. I gcás réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, cinneadh d'aon toil maidir leis na hoiriúnuithe is gá ar an Rialachán.

Díríodh tacaíocht in 2024 ar leanúint de thionscnaimh shuaitheanta, amhail clár scoláireachtaí an Aontais agus bearta forbartha muiníne chun tacú leis an gCoiste Teicniúil um Oidhreacht Chultúrtha, leis an gCoiste um Dhaoine atá ar Iarraidh, le tionscnaimh na gCoistí Teicniúla déphobail, agus le trádáil trasna na Líne Glaise a spreagadh agus a chumasú.

Is gné fhíor-riachtanach den chlár i gcónaí é tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt eacnamaíoch an phobail. Cuireadh cúnamh ar fáil chun caighdeáin a uasghrádú i bpríomhearnálacha eacnamaíocha trí thionscadail a dhíríonn ar an earnáil phríobháideach agus ar oibreoirí gnó bia. Rinneadh iarrachtaí móra chun feabhas a chur ar shláinte ainmhithe agus ar shábháilteacht bia i bpobal Turcach na Cipire.

Lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do phobal Turcach na Cipire chun caighdeáin an Aontais a leagtar síos leis an bpacáiste de dhá bheart a ghlac an Coimisiún in 2021 a chomhlíonadh, lena gcláraítear 'Χαλλούμι' 'Halloumi'/'Hellim' mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) agus lena leagtar síos na coinníollacha maidir le gluaiseacht an táirge sin thar an Líne Ghlas. Ina theannta sin,

lean an Coimisiún den mheitheal neamhfhoirmiúil maidir le 'Halloumi'/'Hellim' a thionól, ina dtugtar le chéile páirtithe leasmhara ón dá phobal Chipireacha.

Cuireadh bonneagair mhóra arna gcistiú ag an Aontas i gcrích in 2024, lena n-áirítear athchur phíblíne séarachais na Niocóise, suiteálacha córas uisce, saoráidí spóirt óige, agus córais fuinnimh in-athnuaite. Cuireadh líonra séarachais Famagusta i gcrích gan fabhtanna, agus roinneadh staidéar le haghaidh an chéad ghléasra gréine déphobail. Lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt d'earnálacha comhshaoil trí aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhfuil tábhacht ar fud an oileáin ag baint leo amhail an geilleagar ciorclach agus cáilíocht an aeir.

Tá bearnaí suntasacha ann fós i gcumas na dtairbhithe an *acquis* a chur chun feidhme go héifeachtach nuair a thiocfaidh réiteach cuimsitheach i bhfeidhm. Mar sin féin, lean pobal Turcach na Cipire de bheith ag déanamh dul chun cinn maith i roinnt réimsí, amhail sábháilteacht táirgí, an sciúradh airgid a chomhrac, an t-oideachas, an staidreamh agus an comhshaol, agus léirigh sé spéis leanúnach a bheith ag obair in earnálacha agus réimsí breise.

Ag deireadh na bliana, bhí 98 gconradh á bhfeidhmiú faoin gclár cabhrach.

4.2. Dul chun cinn de réir cuspóirí

Is é cuspóir foriomlán an chláir cabhrach athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh, agus béim ar leith á leagan ar chomhtháthú eacnamaíoch an oileáin, ar theagmhálacha a fheabhsú idir an dá phobal agus leis an Aontas, agus ar obair ullmhúcháin don *acquis*.

Tugtar tuairisc thíos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh in 2024, le haghaidh gach cuspóra de chuid an Rialacháin um Chabhair.

4.2.1. Cuspóir 1: Forbairt shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn

Tríd an gclár cabhrach, lean an Coimisiún de chomhtháthú agus forbairt eacnamaíoch a stiúradh agus a chur chun cinn trí phacáistí cúnaimh a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) i bpobal Turcach na Cipire, agus é d'aidhm aige iomaíochas agus nuálaíocht a mhéadú. Ós rud é gurb iad FBManna cnámh droma na gníomhaíochta eacnamaíche i bpobal Turcach na Cipire, seoladh clár cúnaimh ilbhliantúil nua 'eunite: SME' in 2024 chun cuidiú le FBManna de phobal Turcach na Cipire caighdeáin an Aontais a chomhlíonadh, tacú leis an nuálaíocht agus an fhiontraíocht a spreagadh. In 2024, bronnadh deontais dar luach beagnach EUR 2 mhilliún ar 45 chuideachta a bhíonn ag trádáil nó ar spéis leo a bheith ag trádáil trasna na Líne Glaise. Tá sé sin sa bhreis ar níos mó ná 2 554 dheontas a soláthraíodh d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide sna blianta roimhe sin, rud a fhágann gur mó ná EUR 27 milliún luach iomlán na ndeontas do FBManna ó cuireadh tús leis an gclár cabhrach.

I réimse an chóineasaithe eacnamaíoch, leanadh den chomhar leis an mBanc Domhanda maidir le faireachán maicreacnamaíoch, staidreamh, éascú trádála agus feabhas a chur ar thimpeallacht ghnó phobal Turcach na Cipire in 2024. Cuireadh trí phríomhmheasúnú i gcrích, is iad sin 'Éifeacht Dáileacháin an Bheartais Fhioscaigh i bpobal Turcach na Cipire', 'Meastachán ar dhearbhthairseach na bochtaineachta le haghaidh gheilleagar Turcach na Cipire' agus 'Meastachán ar Chaighdeáin Maireachtála do phobal Turcach na Cipire', agus pléadh na torthaí i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha. Leag siad béim ar dhúshláin agus deiseanna móra do gheilleagar Turcach na Cipire agus chuidigh siad le feabhas a chur ar cheapadh beartas

fianaisebhunaithe. Leanadh in 2024 den tionscadal cúnaimh theicniúil maidir le faireachas margaidh, tionscadal a seoladh i mí an Mhárta 2022. Is é is aidhm dó cleachtais nua agus fheabhsaithe a thabhairt isteach sa mhéadreolaíocht, sa chaighdeánú, sa chreidiúnú agus sa mheasúnú comhréireachta. Agus é ag obair i ndlúthchomhar leis an earnáil phríobháideach, chuidigh an tionscadal le feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó i bpobal Turcach na Cipire agus lena chinntiú go gcomhlíonann na hearraí a tháirgtear go háitiúil caighdeáin an Aontais. Bunaíodh tuilleadh comhair san earnáil sin le saineolaithe ó ionstraim TAIEX (cúnamh teicniúil agus malartú faisnéise) an Aontais a thacaíonn le glacadh chaighdeáin ailínithe an Aontais.

I gcomhthéacs chur chun feidhme scéim ATFC an Aontais le haghaidh ‘Χαλλούμι’ ‘Halloumi’/‘Hellim’ i bpobal Turcach na Cipire, lean cúnamh teicniúil arna chistiú ag an Aontas de thacaíocht a thabhairt d’fheirmeoirí, do mhonarchana bia agus do chomhlachtaí áitiúla chun ceanglais scéim ATFC an Aontais a chomhlíonadh. Mar thoradh air sin, faoi dheireadh 2024, deimhníodh ceithre tháirgeoir cáise ‘Halloumi’/‘Hellim’ agus 24 fheirm i bpobal Turcach na Cipire faoi scéim ATFC. Ina theannta sin, cuireadh tú le hullmhúcháin le haghaidh clár píolótach póraithe caorach agus gabhar chun infhaighteacht agus cáilíocht bainne a mhéadú. Áiríodh leis an tacaíocht freisin cúnamh chun galair ainmhithe a chosc, a bhrath agus a dhíothú tuilleadh agus sláinte ainmhithe a bhainistiú de réir chaighdeáin an Aontais. In 2024, soláthraíodh deontais dar luach EUR 2,6 milliún do 21 fheirm agus do thrí dhéiríocht chun cuidiú leo caighdeáin an Aontais a chomhlíonadh i bpróisis táirgthe agus an acmhainneacht táirgeachta a mhéadú. Bhí cruinnithe de Mheitheal Neamhfhoirmiúil dhéphobail an Aontais maidir le ‘Halloumi’/‘Hellim’ ag gabháil leis an tacaíocht theicniúil a chuir an tAontas ar fáil.

Tá an tacaíocht d’fheirmeoirí agus d’oibreoirí gnó bia mar chuid de thacaíocht níos leithne ón Aontas chun feabhas a chur ar shlite beatha tuaithe agus ar fhorbairt i bpobal Turcach na Cipire, mar thoradh ar an tábhacht eacnamaíoch agus shóisialta a bhaineann leis. Seoladh tionscnamh ilbhliantúil nua dar teideal ‘eunite: AgriBusiness’ in 2024, a bhfuil sé d’aidhm aige (i) fios gnó talmhaíochta a neartú i bpobal Turcach na Cipire de réir chur chuige Chórais an Aontais um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS), (ii) seirbhísí comhairleacha feirme a fheabhsú, agus (iii) borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin bhfás inbhuanaithe i dtimpeallachtaí talmhaíochta agus tuaithe.

Lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt i réimse an oideachais, agus béim ar leith á leagan ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint, ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar fhorbairt ghairmiúil múinteoirí i bpobal Turcach na Cipire. Forbraíodh pacáistí curaclaim le haghaidh 29 ngairm agus tugadh isteach ar bhonn píolótach iad i naoi scoil, agus reáchtáladh grúpaí fócais agus agallaimh le 114 mhúinteoir agus 88 ndalta. Forbraíodh treoirleabhair i réimsí trasearnálacha amhail an tsláinte agus an tsábháilteacht, an fhiontraíocht, cosaint an chomhshaoil agus teanga iasachta i ngairmeacha agus dáileadh iad ar scoileanna. Rinneadh measúnú ar riachtanais oiliúna le haghaidh fhorbairt ghairmiúil múinteoirí i ngach scoil i bpobal Turcach na Cipire. Sainaithníodh leis sin ceithre phríomhthéama (teagasc agus foghlaim éifeachtach, ceannaireacht scoile, oideachas cuimsitheach agus scoileanna sábháilte agus bainistiú géarchéime). I gcás gach ceann díobh sin, bunaíodh coiste a d’fhorbair modúil oiliúna ábhartha ina dhiaidh sin.

In 2024, lean an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt chun borradh a chur faoin trádáil trasna na Líne Glaise. Rinneadh cineálacha nua bia próiseáilte agus ábhar a bhíonn i

dteagmháil le bia a thrádáil go rathúil trasna na Líne Glaise agus cuireadh ar mhargadh an Aontais iad. Léirigh an pobal gnó leibhéal ard spéise i gcomhlíonadh chaighdeáin an Aontais a mhéadú. Léiríodh é sin leis an iliomad fiosrúchán a seoladh chuig Ionad Ilfhreastail AE na Cipire, lena gcuirtear eolas, tacaíocht agus deiseanna líonraithe ar fáil do ghnólachtaí agus do thrádálaithe a bhfuil spéis acu nó atá páirteach i dtrádáil na Líne Glaise. Ó thús an tionscnaimh in 2023, tá tacaíocht shaincheaptha curtha ar fáil ag Ionad Ilfhreastail an Aontais do 85 thrádálaí.

4.2.2. Cuspóir 2: Bonneagar a fhorbairt agus a athstruchtúrú

Lean Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP) de Shaoráid Bonneagair Áitiúil an Aontais a chur chun feidhme trí chomhaontuithe ranníocaíochta leanúnacha, arna síniú leis an gCoimisiún, ar fiú EUR 36,7 milliún san iomlán iad. Cuireann an tsaoráid tacaíocht ar fáil chun infheistíochtaí ábhartha sa bhonneagar áitiúil a ullmhú agus a chur chun feidhme. Áiríodh leis sin ionadú a dhéanamh ar an bpíblíne séarachais 'Mór-phíblíne E' i limistéar uirbeach na Niocóise, umair uisce agus córais chaidéalúcháin uathoibríocha a shuiteáil in Lefka/Lefke, saoráidí agus trealamh spóirt a sholáthar i gceithre scoil, agus córais grianchumhachta fhótavoltacha a chur in úsáid in Lefka/Lefke agus in Ionad Comhair Kormakitis.

Cuireadh oibreacha ceartaitheacha líonra séarachais Famagusta i gcrích go rathúil agus níor tugadh fógra faoi aon fhabht ábhartha faoi dheireadh na tréimhse fógra le haghaidh na n-oibreacha i mí na Nollag 2024. Ina theannta sin, táirgeadh staidéar réamh-indéantachta le haghaidh stáisiún grianchumhachta déphobail sa chrios maolánach agus cuireadh faoi bhráid phobail na Cipire é i mí Feabhra 2024.

Leanadh de dhúshláin struchtúracha a bheith ann maidir le hoibriú an líonta talún i bpobal Turcach na Cipire in 2024. Faraor, níor tugadh aghaidh in 2024 ar easnaimh a cuireadh in iúl roimhe seo a bhaineann le droch-oibriú agus drochbhainistiú na saoráide líonta talún. Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí tacaíocht a thabhairt don tairbhí chun an staid a réiteach, ar choinníoll go ndéantar cinntí straitéiseacha iomchuí maidir le bainistiú an tairbhí.

Chun an comhshaol a fheabhsú agus a chosaint, lean an Coimisiún de ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a chur ar fáil do phobail na Cipire. In 2024, cuireadh roinnt cúrsaí oiliúna agus ceardlann ar fáil do na céadta gairmí comhshaoil i réimsí na gcóras bainistithe comhshaoil, na hanailísíochta sonraí le haghaidh bainistíocht chomhshaoil, cáilíocht an aeir, an geilleagar ciorclach nó bainistíocht foraoisí, i measc réimsí eile. Ina theannta sin, thug Siompóisiam Comhshaoil na Cipire ceannairí comhshaoil ón dá phobal le chéile i mí na Nollag 2024 ar feadh 3 lá chun fadhbanna agus réitigh choiteanna ar dhúshláin chomhshaoil a phlé.

4.2.3. Cuspóir 3: Athmhuintearas, bearta forbartha muiníne, agus tacaíocht don tsochaí shibhialta a chothú

Lean an Coiste um Dhaoine atá ar Iarraidh, a fhaigheann tacaíocht trí chomhaontú ranníocaíochta le UNDP, lena obair allamuigh agus lena obair saotharlainne. Faoi dheireadh 2024, as na 2 002 dhuine ar an iomlán a bhí ar iarraidh, bhí 1 186 thacar de thaisí athnochta aige. Díobh sin, aithníodh 1 051 go géiniteach agus cuireadh ar ais chuig a dteaghlaigh iad.

In 2024, síníodh comhaontú ranníocaíochta nua dar luach EUR 2,6 milliún chun cistiú a chur ar fáil d'oibríochtaí an Choiste in 2025. Ó 2006-2024, ranníoc an tAontas

EUR 41,1 milliún san iomlán chun tacú le gníomhaíochtaí an Choiste um Dhaoine atá ar Iarraidh, is é sin 80 % dá chistiú iomlán le haghaidh na tréimhse sin.

Bhí cosaint na hoidhreachta cultúrtha fós ina príomhghné de na bearta athmhuintearais agus forbartha muiníne a fuair tacaíocht faoin gclár cabhrach, i ndlúthchomhar leis an gCoiste Teicniúil déphobail um Oidhreacht Chultúrtha. In 2006-2024 fuair an clár oidhreachta cultúrtha cistiú iomlán dar luach thart ar EUR 30 milliún ón Aontas. Leis sin, bhíothas in ann níos mó ná 178 shuíomh oidhreachta cultúrtha ar fud an oileáin a chaomhnú, tacaíocht struchtúrach a thabhairt dóibh, cosaint fhisiceach a thabhairt dóibh nó athchóiriú a dhéanamh orthu.

Le scéim scoláireachta an Aontais d'aos óg na Cipire in éineacht le Coláistí Domhanda Aontaithe, tugadh deis do naoi scoláire de phobal Gréagach na Cipire agus do naoi scoláire de phobal Turcach na Cipire staidéar a dhéanamh i gColáistí Domhanda Aontaithe. Ó bunaíodh an scéim, tá cúrsa Idirnáisiúnta Baccalaureate 2 bhliain curtha i gcrích ag 64 dhuine óga de phobal Turcach na Cipire agus de phobal Gréagach na Cipire i gceann de na Coláistí Domhanda Aontaithe, arb é is aidhm dóibh daoine a aontú ar mhaithe leis an tsíocháin agus le todhchaí inbhuanaithe. Ina theannta sin, chuir an scéim chun cinn gníomhaíochtaí rannpháirtíochta trasphobail don aos óg agus gearrchúrsaí arb é is aidhm dóibh daoine óga a chumhachtú chun athrú dearfach a bhaint amach ina sochaithe.

Leanadh den tacaíocht don tsochaí shibhialta in 2024. Leis an tionscadal Spás na Sochaí Sibhialta, lena gcuirtear cúnamh teicniúil ar fáil d'eagraíochtaí sochaí sibhialta, leanadh de bheith ag cuidiú leo a n-acmhainneachtaí a fhorbairt, timpeallacht chumasúcháin a chur chun cinn chun an tsochaí shibhialta a fhorbairt, agus líonrú agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a spreagadh le heagraíochtaí sochaí sibhialta de phobal Gréagach na Cipire agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta eile san Aontas.

Chuir eagraíochtaí sochaí sibhialta tionscadail i gcrích go rathúil maidir le cearta othar, fostaithe, mionlach gnéis agus mac léinn idirnáisiúnta, cosaint an chomhshaoil, forbairt na hóige agus ról na n-ollmheán sa phróiseas cothaithe síochána. Síníodh conradh deontais nua dar luach EUR 1,7 milliún chun tacú le gníomhaíocht Fhóram Idirphlé na Cipire, lena dtugtar le chéile páirtithe, ceardchumainn, comhlachais ghnó/ghairmiúla/fostóirí agus eagraíochtaí sochaí sibhialta ón dá phobal chun físeanna agus ionstraimí comhpháirteacha a chruthú a thacaíonn leis an bpróiseas réitigh. Seoladh glao nua ar thograí ar fiú EUR 2,25 milliún é agus é de chuspóir aige gníomhaíochtaí eagraíochtaí sochaí sibhialta a mhaoiniú, go háirithe i réimsí chearta an duine, an chomhshaoil agus na forbartha muiníne déphobail.

Lean an cumann Ardán um Chearta an Duine dá dheontas díreach arna gcistiú ag an Aontas a chur chun feidhme, agus fuair sé cistiú breise in 2024. Dhírigh na príomhghníomhaíochtaí ar réimsí téamacha a bhfuil gné an chomhionannais inscne ag baint leo, amhail gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, cearta dídeanaithe agus cearta LADTI+.

4.2.4. Cuspóir 4: Pobal Turcach na Cipire a thabhairt níos gaire don Aontas

Ó bhí 2022 ann, tá an Coimisiún i gcomhpháirtíocht le Goethe-Institut chun Clár Scoláireachta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme.

Chun pobal Turcach na Cipire a thabhairt níos gaire don Aontas, bronnadh 126 dheontas scoláireachta ar mhic léinn de phobal Turcach na Cipire sa bhliain acadúil 2023/2024 chun freastal ar ollscoileanna i dtíortha an Aontais. Forbraíodh straitéis

céimithe a chuireann ar chumas céimithe líonrú a dhéanamh, teagmháil a dhéanamh agus cur le scileanna agus deiseanna trí imeachtaí éagsúla.

Ó bhí 2007 ann, bronnadh breis agus 2 275 scoláireacht ar mhic léinn, lena gcumhdaítear níos mó ná 100 ollscoil agus 23 thír de chuid an Aontais. Tacaíonn na scoláireachtaí sin le mic léinn le linn na chéad bhliana staidéir fochéime, le mic léinn iarchéime ina gcláir mháistreachta nó ina gcláir dhochtúireachta, agus le taighdeoirí agus gairmithe chun a scileanna teanga agus gairmiúla a fhorbairt tuilleadh ar fud Bhallstáit an Aontais.

Tá Pointe Faisnéise an Aontais á bhainistiú ag Oifig Tacaíochta Chlár an Aontais in éineacht le hIonadaíocht an Choimisiúin sa Chipir. In 2024, trína chuid gníomhaíochtaí ar líne agus as líne araon, d'éirigh leis ardleibhéal infheictheachta a bhaint amach agus feasacht ar thionchar an chláir cabhrach agus ar ról an Aontais sa phróiseas réitigh a mhéadú. D'eagraigh Pointe Faisnéise an Aontais agus tionscadail eile arna gcistiú ag an Aontas breis agus 350 gníomhaíocht cumarsáide agus infheictheachta in 2024, lena n-áirítear ceiliúradh Lá na hEorpa ar bailíodh thart ar 5 000 rannpháirtí ann. Le linn na tréimhse sin, rinne an Coimisiún 37 mbileog fíricí, leabhráin agus ábhair chlosamhairc a eisiúint.

4.2.5. Cuspóirí 5-6: Pobal Turcach na Cipire a ullmhú chun an acquis a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme

Úsáidtear ionstraim TAIEX chun cuspóirí 5 agus 6 den Rialachán um Chabhair a chur chun feidhme. Cuidíonn sé chun pobal Turcach na Cipire a ullmhú chun an *acquis* a chur chun feidhme i bhfianaise fionraíocht a chur chun feidhme a bheith tarraingthe siar ar theacht i bhfeidhm do réiteach cuimsitheach.

Is uirlis thábhachtach i gcónaí í saoráid TAIEX chun cuspóirí an chláir cabhrach a bhaint amach agus chun tacú le trádáil trasna na Líne Glaise. Rinneadh gníomhaíochtaí TAIEX in 13 earnáil de *acquis* an Aontais, chun pobal Turcach na Cipire a thabhairt níos gaire do chaighdeáin agus nósanna imeachta an Aontais. Eagraíodh 110 misean saineolaithe agus ceardlann amháin san iomlán. Ina theannta sin, leanadh de na hiarrachtaí chun bunachar sonraí de na téacsanna dlíthiúla uile a dréachtaíodh le tacaíocht TAIEX a fhorbairt agus chun ardcháilíocht aistriúcháin agus ateangaireachta i bpobal Turcach na Cipire a áirithiú.

Bhí tacaíocht don trádáil trasna na Líne Glaise (Rialachán (CE) Uimh. 866/2004 ón gComhairle) fós ar an réimse is gníomhaí agus is déine ó thaobh acmhainní de i ngníomhaíochtaí TAIEX. Rinne saineolaithe neamhspleácha atá sainordaithe ag an gCoimisiún cigireachtaí físeashláintíochta tráthrialta ar thorthaí agus glasraí úra, ar tháirgí plandaí, ar phrátaí, ar mhil agus ar shoithí iascaireachta chun a áirithiú gur comhlíonadh caighdeáin an Aontais maidir le táirgí bia trádáilte. I mí Aibreáin 2024, d'eisigh Aireacht Sláinte Phoblacht na Cipire ciorclán lenar ceadaíodh trádáil trasna na Líne Glaise i sé chatagóir eile bia próiseáilte, is iad sin caife, líomanáid, glasraí reoite, prátaí reoite, bianna picilte i bhfínéagar agus duilleoga triomaithe siúite. D'áirithigh saineolaithe TAIEX caighdeáin agus cáilíocht ar leibhéal an Aontais trí sheiceálacha comhlíontachta a dhéanamh ar na saoráidí sna limistéir nach bhfuil faoi rialú an rialtais.

4.3. Forghníomhú airgeadais (conarthaí agus íocaíochtaí)

4.3.1. Conraitheoireacht

In 2024, shínigh an Coimisiún gealltanais dhlíthiúla dar luach EUR 37,5 milliún.

4.3.2. Íocaíochtaí

Ba é EUR 40,4 milliún méid iomlán na n-íocaíochtaí in 2024 (EUR 37,3 milliún in 2023).

4.4. Faireachán

Tá an Coimisiún freagrach go díreach as formhór na dtionscadal (bainistíocht dhíreach) a chur chun feidhme. Tá leibhéal an ard faireacháin á dhéanamh ag foireann an Choimisiúin, agus teagmhálacha leanúnacha aici le conraitheoirí, cuairteanna spotseiceála á ndéanamh aici, cruinnithe láithreáin agus cruinnithe coistí stiúrtha á reáchtáil aici, chomh maith le comhar méadaithe le comhordaitheoirí áitiúla maidir le cistiú ón Aontas. An cúnamh teicniúil arna chur ar fáil ag an bhfoireann tacaíochta deontais, lean sé de bheith ag tacú leis an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme conarthaí deontais, agus an tráth céanna ag cabhrú le tairbhithe deontais rialacha an Aontais a chur i bhfeidhm maidir le conarthaí deontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear rialacha soláthair thánaistigh.

Cuireann an Coimisiún roinnt conarthaí chun feidhme freisin trí bhainistíocht indíreach. Na comhlachtaí cur chun feidhme, amhail UNDP, an Banc Domhanda, Goethe-Institut agus GIZ (Gníomhaireacht na Gearmáine um Chomhar Idirnáisiúnta), dtuairiscíonn siad don Choimisiún i gcomhréir leis na comhaontuithe ranníocaíochta agus riaracháin faoi seach. Tá dlúthbhaint ag an gCoimisiún leis an bhfaireachán laethúil a dhéantar ar na gníomhaíochtaí sin.

4.5. Iniúchtaí agus rialuithe

Cuireadh chun feidhme go hiomlán na moltaí ón iniúchadh deireanach a rinne an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach in 2017, ar moltaí iad a bhain le socruithe rialaithe inmheánaigh i réimse an tsoláthair phoiblí.

4.6. Meastóireacht

Foilsíodh meastóireacht neamhspleách ar an gclár cabhrach lenar cumhdaíodh an tréimhse 2013-2018 in 2022. Bhí torthaí na meastóireachta sin sásúil. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go bhfuil an clár ábhartha go fóill agus gur dearfach an tionchar a bhíonn aige go ginearálta. Dearbhaíodh léi gur chuir an tAontas Eorpach lena luach agus gur éirigh leis an gclár peirspictíocht an athaontaithe a choinneáil beo. Chuir sí chun suntais freisin comhsheasmhacht ghinearálta agus éifeachtúlacht an chláir. An tráth céanna, cuireadh i dtábhacht leis an meastóireacht nach féidir leis an gclár cabhrach amháin athaontú na Cipire a bhaint amach, rud a bhfuil an dá phobal Chipireacha freagrach as fós.

4.7. Faisnéis, poiblíocht agus infheictheacht

Ar an iomlán, eagraíodh breis agus 350 gníomhaíocht infheictheachta agus chumarsáide in 2024 chun léiriú a thabhairt ar rannchuidiú an Aontais Eorpaigh le forbairt phobal Turcach na Cipire agus le próiseas réitigh na Cipire. In 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil thiomnaithe ina léirítear na hiarrachtaí a rinneadh faoin gclár cabhrach chun réiteach cuimsitheach ar fhadhb na Cipire a fháil chun

todhchaí níos fearr a áirithiú do mhuintir uile na Cipire agus chun cuidiú le slándáil agus cobhsaíocht mharthanach a bhaint amach sa Mheánmhuir Thoir[4].

4.8. Comhairliúcháin le rialtas Phoblacht na Cipire

Tionóladh cruinnithe rialta le hionadaithe rialtas Phoblacht na Cipire. Leanann an Coimisiún de bheith ag brath ar chomhar an rialtais chun cearta maoine a fhíorú agus chun obair na gCoistí Teicniúla déphobail a éascú. Ina theannta sin, buaileann an Coimisiún go tráthrialta leis an Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus le Buanionadaíocht Phoblacht na Cipire chuig an Aontas Eorpach.

5. CONCLÚIDÍ

Trí bhíthin na hoibre a dhéanann an Coimisiún i gcomhréir le cuspóirí an Rialacháin um Chabhair, tá sé fós ag cur cúnamh ar fáil faoin Rialachán um Chabhair chun athaontú na Cipire a éascú trí fhorbairt eacnamaíoch phobal Turcach na Cipire a spreagadh agus trína thabhairt níos gaire don Aontas Eorpach.

Le linn 2024, leanadh de chúnamh a dhíriú ar réimsí dúshláin ar leith maidir le comhlíonadh an *acquis* amach anseo, agus é á áirithiú an tráth céanna go rachfar i ngleic leis na riachtanais atá ag teacht chun cinn ar bhealach éifeachtúil tráthúil.

Tá torthaí dearfacha ar an mbéim a leagtar ar ábharthacht, aibíocht, úinéireacht agus inbhuanaitheacht tionscadal agus beidh an bhéim sin mar bhonn ag pléití faoin gclárú sa todhchaí. Leanfar de na hiarrachtaí ar thionchar fadtéarmach níos mó a imirt sna réimsí tosaíochta trí ghníomhaíochtaí straitéiseacha. Tá an Coimisiún réidh chun acmhainní a úsáid de réir mar is gá, lena n-áirítear faoin gclár cabhrach, chun tacú leis an gcaibidlíocht réitigh faoi choimirce na Náisiún Aontaithe agus le tuilleadh forbairtí a bhaineann leis an bpróiseas.

[4] An Coimisiún Eorpach. (2024). Tacaíocht ón Aontas a chur ar fáil do réiteach na Cipire: Oidhreacht agus fís